C/2024/578

4.1.2024

Achoimre ar Chinneadh an Choimisiúin

an 21 Feabhra 2022

a bhaineann le mír 4 d'Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle

(Cás M.10494 – VIG/AEGON CEE (Nós Imeachta Airt. 21))

(An téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(C/2024/578)

An 21 Feabhra 2022 ghlac an Coimisiún Cinneadh de réir Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(4) den Rialachán sin. Is féidir leagan neamhrúnda den Chinneadh iomlán a fháil i bhfiortheanga an cháis ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, ag an seoladh seo a leanas: http://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/index.cfm?clear=1&policy_area_id=2

I. NA PÁIRTITHE AGUS AN OIBRÍOCHT

(1) Is é atá in Vienna Insurance Group AG Wiener Versicherung Gruppe ('VIG') cuideachta shealbhaíochta Vienna Insurance Group, grúpa árachais idirnáisiúnta a bhfuil a cheanncheathrú san Ostair. Déanann sé a ghnó trí fhochuideachtaí agus brainsí i 30 tír, i réigiún Lár agus Oirthear na hEorpa (lena n-áirítear an Ungáir trína fochuideachtaí áitiúla) den chuid is mó. Cuireann sé seirbhísí árachais saoil agus árachais neamhshaoil ar fáil.

(2) Is grúpa árachais é AEGON N.V. ('AEGON') a bhfuil a cheanncheathrú san Ísiltír. Tá a ghnólachtaí Ungáracha, Polannacha, Rómánacha agus Turcacha ('AEGON CEE') gníomhach i réimsí an árachais saoil agus árachais neamhshaoil, ghnó an chiste pinsin, na seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus na seirbhísí coimhdeacha gaolmhara. Fochuideachtaí Ungáracha AEGON atá ina gcuid de AEGON CEE, tugtar 'AEGON na hUngáire' orthu.

(3) Tá sé beartaithe ag VIG urlámhas aonair a fháil ar AEGON CEE ('an tIdirbheart'). An 29 Samhain 2020 shínigh VIG agus AEGON Comhaontú Díolacháin agus Ceannaigh (an 'CDC') chun na críche sin.

(4) De réir bhrí an Rialacháin maidir le Cumaisc is éard atá san éadáil comhchruinniú lena mbaineann gné Aontais. An 15 Iúil 2021 thug VIG fógra don Choimisiún maidir leis an éadáil bheartaithe. An 12 Lúnasa 2021, tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh, rinne sé an tIdirbheart a imréiteach gan choinníoll.

II. ACHOIMRE

A. Airteagal 21 den Rialachán maidir le Cumaisc

(5) Le hAirteagal 21 den Rialachán maidir le Cumaisc tugtar dlínse don Choimisiún amháin scrúdú a dhéanamh ar chomhchruinnithe lena mbaineann gné Aontais agus foráiltear leis nach gcuirfidh na Ballstáit a ndlíthe iomaíochta náisiúnta i bhfeidhm maidir leis na comhchruinnithe sin. Cé gur féidir leis na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun leasanna dlisteanacha a chosaint, ní mór na bearta sin a bheith riachtanach comhréireach, agus comhoiriúnach do na prionsabail ghinearálta agus d'fhorálacha eile dhlí an Aontais.

(6) Is leasanna iad an tslándáil phoiblí, in éineacht le hiolracht na meán agus rialacha stuamachta, a aithnítear mar leasanna dlisteanacha faoi Airteagal 21(4) den Rialachán maidir le Cumaisc ('leasanna aitheanta'). Maidir le bearta atá dírithe ar chosaint na leasanna aitheanta sin a d'fhéadfadh comhchruinniú lena bhfuil gné Aontais a thoirmeasc, a chur faoi réir coinníollacha nó dochar a dhéanamh dó, is féidir na bearta sin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm gan cumarsáid a dhéanamh roimh ré leis an gCoimisiún ná formheas a fháil uaidh, ar choinníoll go bhfuil d'fhíoraidhm acu leas aitheanta a chosaint agus go bhfuil siad i gcomhréir go soiléir le prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lgh. 1-22.

(7) Maidir le bearta náisiúnta a bhfuil sé d'aidhm acu leasanna a chosaint seachas na 'leasanna aitheanta' thuasluaite, ní mór iad a chur in iúl don Choimisiún roimh theacht i bhfeidhm dóibh, ionas go mbeidh an Coimisiún in ann rialú a fheidhmiú sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm ('na hOibleagáidí maidir le Cumarsáid agus Neamhghníomhaíocht').

(8) De réir chleachtas seanbhunaithe an Choimisiúin, d'fhonn *effet utile* maidir le hAirteagal 21 den Rialachán maidir le Cumaisc a áirithiú, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') lena bhforchuirtear ar an Aontas agus ar na Ballstáit oibleagáid an chomhair dhílis, bíonn feidhm ag na hOibleagáidí maidir le Cumarsáid agus Neamhghníomhaíocht freisin aon tráth a bhfuil sé d'aidhm ag bearta náisiúnta leas aitheanta a chosaint agus i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann an bhfuil sé d'fhíoraidhm ag na bearta sin 'leas aitheanta' a chosaint agus/nó prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe a chomhlíonadh ([2]).

B. **An Cinneadh Crosta arna ghlacadh ag an Ungáir**

(9) An 28 Samhain 2020, ghlac rialtas na hUngáire foraithne lena leathnaíodh raon feidhme chur i bhfeidhm Reachtaíocht na hUngáire maidir le hInfheistíocht Dhíreach Choigríche ('IDC') mar chuid den staid éigeandála a fógraíodh i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Fágann an leathnú sin go bhfuil éadálacha ar ghnóthais Ungáracha atá gníomhach in earnáil an árachais, éadálacha arna ndéanamh ag gnóthas ó aon Bhallstát seachas an Ungáir féin, go bhfuil siad cumhdaithe faoi reachtaíocht na hUngáire maidir le IDC agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh Rialtas na hUngáire iad a scrúdú agus, i ndeireadh na dála, a chur ina gcoinne.

(10) Ar bhonn na reachtaíocht leasaithe sin maidir le IDC, chuir VIG Aireacht Gnóthaí Baile na hUngáire ar an eolas maidir leis an éadáil a bhí déanta aige i leith AEGON na hUngáire. An 6 Aibreán 2021, ghlac Aire Gnóthaí Baile na hUngáire cinneadh lenar cuireadh toirmeasc ar an éadáil a bhí beartaithe ag VIG i leith AEGON na hUngáire ('an Cinneadh Crosta'), gan aon bhonn cirt a chur ar fáil seachas gur sárú ar leas slándála náisiúnta na hUngáire a bhí san Idirbheart.

(11) An 5 Bealtaine 2021, chuir VIG achomharc i gcoinne an Chinnidh Chrosta faoi bhráid Chúirt Chathrach Bhúdaipeist. Scaoileadh isteach AEGON sna himeachtaí ina dhiaidh sin i gcáil páirtí leasmhar. An 31 Lúnasa 2021, rinne Cúirt Chathrach Bhúdaipeist achomharc VIG a dhíbhe. An 19 Deireadh Fómhair 2021, chuir VIG agus AEGON achomharc i gcoinne an bhreithiúnais ó Chúirt Chathrach Bhúdaipeist faoi bhráid Chúirt Uachtaraí na hUngáire. Tá na himeachtaí os comhair Chúirt Uachtaraí na hUngáire fós ar siúl.

C. **Imscrúdú an Choimisiúin**

(12) An 29 Deireadh Fómhair 2021, thionscain an Coimisiún imscrúdú maidir le comhoiriúnacht an Chinnidh Chrosta d'Airteagal 21 den Rialachán maidir le Cumaisc.

(13) An 20 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún an Ungáir ar an eolas faoina réamhchonclúid nach raibh an Cinneadh Crosta comhoiriúnach d'Airteagal 21 den Rialachán maidir le Cumaisc agus d'iarr sé ar an Ungáir a bharúlacha a chur in iúl maidir leis an réamhchonclúid sin.

(14) An 10 Feabhra 2022, thug an Ungáir freagra ar réamhchonclúid an Choimisiúin. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar argóintí na hUngáire agus thug sé aird chuí orthu ach a chuid conclúidí á gcur i dtoll a chéile mar a léirítear sa Chinneadh.

([2]) Féach cleachtas an Choimisiúin roimhe seo i gcinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2006 i gCás M.4197 *E.ON / Endesa*, mír 27; Cinneadh ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2006 i gCás M.4197 *E.ON / Endesa*, mír 24; agus cinneadh ón gCoimisiún an 20 Iúil 1999 i gCás M.1616 *BSCH / Champalimaud* (bearta eatramhacha), míreanna 65-67. Mheas an Chúirt Bhreithiúnais nach raibh aon earráid fhollasach breithiúnais i gcinneadh ón gCoimisiún a tógadh i gcomhréir leis an gcur chuige sin - breithiúnas an 6 Márta 2008 i gCás C-196/07 *Commission v An Spáinn*, C-196/07, EU:C:2008:146, míreanna 35-36

D. **Measúnú an Choimisiúin**

(15) Chinn an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) Níor léirigh an Ungáir an fáth go mbeadh riosca méadaithe don tslándáil phoiblí i gceist le próifíl an infheisteora nua in AEGON na hUngáire, i.e. VIG, cuideachta árachais Ostarach, i gcomparáid le húinéir reatha AEGON na hUngáire, i.e. AEGON, cuideachta árachais Íslitíreach;

(b) déanann an Coimisiún measúnú rialta ar chomhchruinnithe a bhfuil gné Aontais ag baint leo san earnáil árachais, gan imní faoi shlándáil phoiblí á léiriú ag Ballstáit; agus

(c) Níor chuir an Ungáir aon réasúnaíocht shubstainteach ar fáil don Choimisiún (ná do VIG ná do AEGON), a thabharfadh bonn cirt leis an gCinneadh Crosta a ghlacadh, seachas an dearbhú go gcuirfeadh an tIdirbheart an tslándáil phoiblí san Ungáir i mbaol.

(16) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh amhras réasúnach ann arbh é fíoraidhm an Chinnidh Chrosta dáiríre é leas dlisteanach (an tslándáil phoiblí) a chosaint agus maidir lena chomhoiriúnacht do phrionsabail ghinearálta agus forálacha ginearálta dhlí an Aontais. Mar thoradh air sin, ba cheart an Cinneadh Crosta a bheith curtha in iúl don Choimisiún (agus a bheith formheasta aige) roimh a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, rinneadh sárú ar na hOibleagáidí maidir le Cumarsáid agus Neamhghníomhaíocht.

(17) Ina theannta sin, rinne an Coimisiún imscrúdú ar chomhoiriúnacht an Chinnidh Chrosta do phrionsabail ghinearálta agus forálacha eile dhlí an Aontais agus go háirithe don tsaoirse bhunaíochta faoi Airteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE').

(18) Leis an gCinneadh Crosta cuirtear srian le saoirse bhunaíochta VIG. Níor chruthaigh an Ungáir de réir an chaighdeáin is gá gur glacadh an Cinneadh Crosta chun an tslándáil phoiblí a chosaint ar bhagairt dháiríre atá tromchúiseach a dóthain, ionas go bhféadfaí bonn cirt a thabhairt leis an srian sin a bheith ina mhaolú ar an tsaoirse bhunaíochta. Thairis sin, níor éirigh leis an Ungáir a léiriú go bhfuil an Cinneadh Crosta oiriúnach agus comhréireach maidir leis an aidhm atá aige an tslándáil phoiblí a choimirciú.

(19) Dá réir sin, tá an Cinneadh Crosta ar neamhréir leis an tsaoirse bhunaíochta. Dá bhrí sin, níl an Cinneadh Crosta comhoiriúnach do phrionsabail ghinearálta agus forálacha eile dhlí an Aontais, agus ar an údar sin sáraíonn sé Airteagal 21(4) den Rialachán maidir le Cumaisc.

III. **CONCLÚID**

(20) Ar na cúiseanna a shonraítear thuas, is é conclúid an Chinnidh gur sháraigh an Ungáir Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 nuair a rinne sí, gan cumarsáid a dhéanamh roimh ré leis an gCoimisiún ná formheas a fháil uaidh, cinneadh Aire Gnóthaí Baile na hUngáire dar dáta an 6 Aibreán 2021 a ghlacadh, ar cinneadh é lena dtoirmisctear éadáil AEGON na hUngáire ag VIG, rud atá ar neamhréir le hAirteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, a chuireann isteach go míchuí ar inniúlacht eisiach an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh maidir le comhchruinniú a bhfuil gné Aontais ag baint leis.

(21) Dá bhrí sin, leis an gCinneadh tugtar ordú don Ungáir an Cinneadh Crosta a tharraingt siar faoin 18 Márta 2022.